

Tacair agus oibríochtaí

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Gnéithe	Tacair agus oibríochtaí										
Tuiscint agus Ceangal	<p>Cuireann sé cruthanna cainníochtaí éagsúla lena chéile agus déanann sé iad a dheighilt (ach úsáid a bhaint as ábhair choineartaí).</p> <p>Méadaíonn agus laghdaíonn sé cainníochtaí éagsúla.</p>	<p>Roghnaíonn sé tréithe chun ábhair a shórtáil.</p> <p>Sórtálann agus athshórtálann sé réimse ábhar (Mar shampla: ábhair struchtúrtha, amhail bloic agus ábhair neamhstruchtúrtha, amhail sliogáin) i dtacar de réir tréith amháin [airí] gach uair.</p> <p>Déanann sé tobmheas [féach ar ghrúpa réad agus faigheann sé amach cé mhéad atá ann, gan comhaireamh a dhéanamh] líon réad i dtacar.</p> <p>Meaitseálann sé réada agus/nó tacair ach úsáid a bhaint as comhfhreagairt aon le haon [uimhreacha a shannadh do réada san ord ceart].</p>	<p>Sórtálann sé míreanna ina dtacar de réir cainníochta.</p> <p>Meaitseálann sé uimhreacha le tacair suas chuig 10 ar laghad.</p> <p>Cuireann sé tacair réad le chéile chun 10 a dhéanamh ar a laghad.</p> <p>Déanann sé deighilt ar thacair réada [2 chuig 10 ar a laghad] ina dhá fothacar nó níos mó.</p> <p>Déanann sé tagairt do chorrúimhreacha agus do ré-uimhreacha sa chomhthéacs seo.</p> <p>Baineann sé úsáid as feacht ar shuimiú chun tuiscint ar dhealú a fhorbairt (Mar shampla: $2+4=6$ mar sin $6-4=2$).</p>	<p>Aithníonn sé tréith an airí náid a bhaineann le tacar folamh.</p> <p>Cuireann sé tacair réada le chéile chun 10 a dhéanamh ar a laghad, an tacar folamh/náid san áireamh.</p> <p>Déanann sé deighilt ar thacair réada [2 chuig 10 ar a laghad] ina dhá fothacar nó níos mó.</p> <p>Déanann sé tagairt do chorrúimhreacha agus do ré-uimhreacha sa chomhthéacs seo.</p> <p>Baineann sé úsáid as feacht ar shuimiú chun tuiscint ar dhealú a fhorbairt (Mar shampla: $2+4=6$ mar sin $6-4=2$).</p>	<p>Déanann sé tacair réad a chur le chéile agus a dheighilt suas chuig 20 ar a laghad.</p> <p>Fiosraíonn sé agus úsáideann sé an t-airí náide agus ríomhanna á ndéanamh.</p> <p>Suimíonn sé faoi bhun 100 lena n-áirítear 2 dhigit + 1 dhigit agus 2 dhigit + 2 dhigit.</p> <p>Dealáíonn sé uimhreacha faoi bhun 99, le hathainmniú á dhéanamh agus gan é.</p>	<p>Fiosraíonn sé suimiú agus dealú suas chuig 199 ar a laghad.</p> <p>Cleachtann sé suimiú leantach agus comhaireamh grúpa nó léimneach.</p> <p>Baineann sé úsáid as oibríochtaí inbhéartacha chun ríomhanna suimithe agus dealaithe a sheiceáil.</p> <p>Dealáíonn sé uimhreacha suas chuig 199 ar a laghad, le hathainmniú á dhéanamh agus gan é.</p> <p>Déanann sé comparáid idir tacair chomhionanna agus tacair neamhionanna.</p>	<p>Suimíonn sé agus dealaíonn sé faoi bhun 999, le hathainmniú á dhéanamh agus gan é.</p> <p>Samhlaíonn sé na samhlaíochtaí iolrúcháin, lena n-áirítear suimiú leantach, scálú agus eagar dhronuilleogacha.</p> <p>Samhlaíonn sé samhlaíochtaí roinnte mar roinnt chothrom/dealú leantach agus suimiú leantach agus a mhalairt.</p> <p>Roinneann sé uimhreacha 2 dhigit ar uimhir 1 dhigit, le fuilleach agus gan fuilleach.</p> <p>Méadaíonn sé uimhir 1 dhigit nó 2 dhigit faoi uimhir 0-10.</p> <p>Fiosraíonn sé impleachtaí iolrú faoi 10.</p> <p>Baineann sé úsáid as eolas ar fhíorais uimhris iolrúcháin chun eolas ar fhíorais uimhris roinnte a fhorbairt.</p>	<p>Suimíonn sé agus dealaíonn sé faoi bhun 9999, le hathainmniú á dhéanamh agus gan é.</p> <p>Roinneann sé uimhreacha 3 dhigit ar uimhir 1 dhigit, le fuilleach agus gan fuilleach.</p> <p>Méadaíonn sé uimhir 2 dhigit nó 3 dhigit faoi uimhir 1 nó 2 dhigit.</p> <p>Suimíonn sé agus dealaíonn sé slánuimhreacha agus uimhreacha deachúlacha suas chuig dhá ionad de dheachúlacha.</p> <p>Méadaíonn sé agus roinneann sé uimhir dheachúlach suas chuig dhá ionad de dheachúlacha faoi/ar shlánuimhreacha ina bhfuil digit amháin.</p> <p>Déanann sé ríomhanna simplí a bhaineann le slánuimhreacha [uimhreacha a thrasnaíonn náid].</p>	<p>Suimíonn sé agus dealaíonn sé slánuimhreacha agus uimhreacha deachúlacha [chuig 3 ionad de dheachúlacha], le háireamhán agus gan é agus seiceálann sé réasúntacht na bhfreagraí.</p> <p>Méadaíonn sé uimhir dheachúlach [suas chuig 3 ionad de dheachúlacha] faoi shlánuimhir, le nó gan áireamhán agus seiceálann sé réasúntacht na bhfreagraí.</p> <p>Roinneann sé uimhir 3 dhigit ar uimhir 2 dhigit, le háireamhán agus seiceálann sé réasúntacht an fhreagra.</p> <p>Méadaíonn sé uimhir dheachúlach faoi uimhir dheachúlach, le háireamhán agus seiceálann sé réasúntacht an fhreagra.</p> <p>Méadaíonn sé agus roinneann sé slánuimhir faoi/ar 100.</p> <p>Sainníonn sé uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha suas chuig 100.</p>	<p>Méadaíonn sé uimhir dheachúlach faoi uimhir dheachúlach, le háireamhán agus gan é agus seiceálann sé réasúntacht na bhfreagraí.</p> <p>Roinneann sé uimhir 4 dhigit ar uimhir 2 dhigit, le háireamhán</p> <p>nó gan é agus seiceálann sé réasúntacht na bhfreagraí.</p> <p>Sainníonn sé uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha os cionn 100.</p> <p>Fiosraíonn sé ord na n-oibríochtaí ach úsáid a bhaint as lúbíní agus as easpóinint.</p>	<p>Roinneann sé uimhir dheachúlach ar uimhir dheachúlach, gan áireamhán agus seiceálann sé réasúntacht na bhfreagraí.</p> <p>Cuireann sé síneadh le hobairt choincheapa agus phraiticiúil a rinneadh cheana chun uimhreacha níos mó agus níos mó deachúlacha a chur san áireamh.</p> <p>Baineann sé úsáid as léirithe coineartaí agus poncanna chun uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha a léiriú.</p>

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Gnéithe	Tacair agus oibríochtaí										
Cumarsáid	<p>Téann sé i ngleic le gníomhaíochtaí a spreagann comparáidí cainníochtaí i dtacair.</p>	<p>Déanann sé cur síos ar an bpróiseas sórtála agus cosnaíonn sé an critéar roghnaithe a úsáideadh agus tacair á gcruthú.</p> <p>Léiríonn sé comhthéacs nó tasc ó bhéal ach úsáid a bhaint as réada coincreíteacha.</p> <p>Baineann sé úsáid as geáitsí agus focail oiriúnacha chun comparáidí a dhéanamh agus a chur in iúl.</p>	<p>Baineann sé úsáid as teanga chomparáide [níos mó, níos lú, mar an gcéanna/cothrom] chun tacair a chur i gcomparáid suas chuig 10 ar a laghad.</p> <p>Coinníonn sé taifead d'uimhir-abairt i bhfoirm phictiúrtha.</p> <p>Léimeann sé chun tosaigh ar uimhirlíne nó ar chonair chun tús a chur le suimiú a chur in iúl.</p>	<p>Comhaireann sé chun tosaigh agus siar in aonta chun suimiú a léiriú [cé mhéad ceann eile] agus dealú [cé mhéad ceann níos lú].</p> <p>Léimeann sé chun tosaigh/siar ar uimhirlíne nó ar chonair/stráice chun tús a chur le suimiú agus dealú a chur in iúl.</p>	<p>Tugann sé fíricí [naisc] a bhaineann le suimiú agus le dealú chun cuimhne gan deacracht suas chuig 10 ar a laghad.</p> <p>Baineann sé úsáid as siombailí +, -, =, < agus > chun fíricí suimithe agus dealaithe a chur in iúl.</p> <p>Coinníonn sé taifead de thacair comhionanna agus neamhionanna 0-20 trí úsáid a bhaint as <, > agus =.</p>	<p>Tugann sé fíricí [naisc] a bhaineann le suimiú agus le dealú chun cuimhne gan deacracht suas chuig 20 ar a laghad.</p> <p>Baineann sé úsáid as siombailí +, -, =, < agus > chun fíricí suimithe agus dealaithe a chur in iúl.</p> <p>Déanann sé cur síos ar straitéisí meabhracha le haghaidh suimiú faoi bhun 99 agus coinníonn sé taifead dóibh.</p> <p>Coinníonn sé taifead de thacair comhionanna agus neamhionanna suas chuig 99 trí úsáid a bhaint as <. > agus =.</p>	<p>Tugann sé fíricí [naisc] a bhaineann le suimiú agus le dealú chun cuimhne gan deacracht os cionn 20.</p> <p>Cleachtann sé fíricí méadaithe bunaithe ar uimhreacha gaolmhara (10,5 / agus roinnte bunaithe ar uimhreacha gaolmhara [10,5 / 2,4,8 / 3,6,9 / 7]).</p>	<p>Tugann sé fíricí méadaithe níos coimpléascaí bunaithe ar fhíricí atá ar eolas acu chun cuimhne (Mar shampla: fíricí méadaithe bunaithe ar uimhreacha gaolmhara (10,5 / 2,4,8 / 3,6,9 / 7)).</p> <p>Míníonn sé na hairíonna a rialaíonn uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha.</p>	<p>Tugann sé fíricí méadaithe agus roinnte chun cuimhne gan deacracht.</p> <p>Léiríonn sé uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha ar 100-chearnóg.</p> <p>Míníonn sé na hairíonna a rialaíonn uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha.</p>	<p>Gineann sé iolraigh agus fachtóirí trí úsáid a bhaint as réimse leathan uirlisí agus straitéisí.</p> <p>Sainathníonn sé uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha agus méadú ag teacht ar a gcumas sin a dhéanamh.</p>	<p>Bunaíonn sé comhfhachtóirí agus comhioltraí trí úsáid a bhaint as fachtóirí príomha uimhreacha.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír	An foghlaimoír
Gnéithe	Tacair agus oibríochtaí										
Réasúnaíocht	<p>Déanann sé idirdhealú idir thacair bunaithe ar a gcainníocht.</p>	<p>Cosnaíonn sé rangú na réad ina dtacair.</p> <p>Cuireann sé tacair réad le cheile agus déanann sé deighilt orthu.</p> <p>Sainnithníonn sé, aithníonn sé agus déanann sé meas ar 'níos mó' nó 'níos lú' i gcomhthéacs an fhíorshaoil agus/nó súgartha.</p>	<p>Comhaireann sé go cruinn agus cuireann sé tacair chomhionanna agus neamhionanna ó 1 suas chuig 5 ar a laghad agus cinneann sé cé acu tacar níos mó nó níos lú.</p>	<p>Déanann sé deighilt ar thacair 2-10 ina dhá fhothacar nó níos mó agus aithníonn sé nach mbíonn tionchar aige seo ar an iomlán (Mar shampla: 1+2+6=9).</p> <p>Léiríonn sé tuiscint ar na deighiltí féideartha uile naisc uimhreacha suas chuig 10 ar a laghad.</p> <p>Cuireann sé tacair chomhionanna agus tacair neamhionanna i gcomparáid de réir luach [1 chuig 10 ar a laghad] agus cinneann sé cé acu is mó / is lú.</p>	<p>Cosnaíonn sé agus míníonn sé an t-airí cómhálartach maidir le fíricí suimithe (mar shampla: 3+4=4+3).</p> <p>Déanann sé meastachán ar iomláin agus ar dhifríochtaí faoi bhun 99.</p> <p>Baineann sé úsáid as ciall uimhris chun freagraí réasúnta agus míréasúnta a shainnithint.</p> <p>Cosnaíonn sé rogha agus úsáid na n-oibríochtaí [suimiú agus dealú] i réimse leathan comhthéacsanna.</p>	<p>Baineann sé úsáid rialta as raon straitéisí meastacháin (mar shampla – cnuasach, meastachán tosaigh) chun réasúntacht réitigh a sheiceáil.</p> <p>Cuireann sé airíonna comhthiomsaitheacha agus náide i bhfeidhm agus cosnaíonn sé iad chun tacú le ríomhanna.</p> <p>Forbraíonn sé straitéisí le haghaidh ríomh éifeachtúil fíricí suimiúcháin agus dealaithe an uimhris.</p>	<p>Baineann sé úsáid as oibríochtaí inbhéartacha chun freagraí a mhíniú agus a sheiceáil.</p> <p>Fiosraíonn sé straitéisí réitigh ailtéarnacha le haghaidh tascanna suimiúcháin agus dealaithe.</p> <p>Cosnaíonn sé éifeachtúlacht straitéise meastacháin amháin seachas ceann eile le haghaidh uimhreacha nó comhthéacsanna ar leith.</p> <p>Cosnaíonn sé rogha agus úsáid oibríochtaí [suimiú, dealú, iolrú agus roinnt] i réimse leathan comhthéacsanna.</p>	<p>Déanann sé anailís ar naisc idir suimiú agus méadú, agus roinnt agus dealú.</p> <p>Aithníonn sé conas agus cathain áireamhán a úsáid, agus seiceáilann sé réasúntacht freagraí.</p> <p>Baineann sé úsáid as oibríochtaí inbhéartacha chun ríomhanna iolraithe agus roinnte a sheiceáil (mar shampla: 6x4=24, 24÷4=6).</p> <p>Forbraíonn sé straitéisí le haghaidh ríomh éifeachtúil fíricí uimhris a bhaineann le hiolrú agus roinnt.</p>	<p>Déanann sé meastachán ar shuimeanna, ar thorthaí agus ar líonta slánuimhreacha ach úsáid a bhaint as réimse leathan straitéisí.</p> <p>Aithníonn sé, míníonn sé agus baineann sé úsáid as na ceangail idir méadú agus roinnt chun ríomhanna meabhracha agus scríofa a chur i gcrích.</p> <p>Sainnithníonn sé fachtóirí agus iolraigh ó bhunfhríicí an mhéadaithe.</p> <p>Cinneann sé, nó tugann sé buille faoi thuairim gur corruimhreacha iad gach uimhir phríomha, seachas 2.</p> <p>Fiosraíonn sé an t-iolraí coiteann is lú [ICL] i dtéarmaí coibhéis chodánach.</p>	<p>Cuireann sé lena thuiscint ar fhachtóirí agus ar iolraigh in N [Uimhreacha Aiceanta] tríd an bhfachtóir coiteann is airde [FCA] agus an t-iolrach coiteann is ísle [ICI] a fhiosrú.</p> <p>Déanann sé meastachán ar shuimeanna, ar dhifríochtaí, ar thorthaí agus ar líonta deachúlacha.</p> <p>Déanann sé measúnú ar shloinn a bhfuil lúibíní agus easpónaint iontu, ach úsáid a bhaint as ord na n-oibríochtaí.</p> <p>Sainnithníonn sé comhfachtóirí agus iolraigh slánuimhreacha níos lú ná 100.</p>	<p>Déanann sé measúnú ar shloinn a bhfuil slánuimhreacha iontu, lena n-áirítear sloinn a bhfuil lúibíní agus cumhachtaí iontu.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k	
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	
Gnéithe	Tacair agus oibríochtaí											
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	Léiríonn sé feasacht ar réada á dtabhairt isteach nó á mbaint amach as tacar.	Imríonn sé cluichí agus glacann sé páirt in amhránaíocht, i ngníomhaíochtaí, i gcluichí agus i rímeanna ina gcuirtear réada leo nó ina mbaintear réada astu.	Baineann sé úsáid as straitéisí oiriúnacha chun fáil amach cé mhéad atá ann. Cuireann sé tacair in ord de réir a gcainníochtaí, suas chuig 5 ar a laghad.	Baineann sé úsáid as straitéisí chun suimiú agus dealú a dhéanamh go meabhrach go dtí 10 ar a laghad. Cuireann sé tacair réad in ord suas chuig 10 ar a laghad.	Roghnaíonn sé agus roinneann sé straitéisí meabhracha le haghaidh fíricí suimiúcháin agus dealaithe faoi bhun 20. Cruthaíonn sé uimhir-abairtí agus scéalta uimhriúla chun fadhbanna a réiteach a bhaineann le suimiú agus dealú faoi bhun 99. Réitíonn sé tascanna lena mbaineann suimeanna ar iarraidh (Mar shampla: $3 + _ = 5$ agus $3 + 2 + 1 = 4 + _$).	Cruthaíonn sé uimhir-abairtí agus scéalta uimhriúla chun fadhbanna a bhfuil baint ag suimiú agus dealú leo [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí].	Réitíonn sé fadhbanna ilchéimeacha a bhfuil baint ag suimiú agus dealú leo [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí].	Réitíonn sé fadhbanna a bhfuil baint ag méadú agus roinnt leo [agus úsáid á bhaint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí]. Cuireann sé raon straitéisí i bhfeidhm, lena n-áirítear straitéisí físeacha, chun fadhbanna a mbaineann níos mó ná oibríocht amháin leo a réiteach.	Fiosraíonn sé airíonna náid, cómhálartach, dáileach agus comhthiomsaitheach a bhaineann le méadú agus cuireann sé i bhfeidhm iad. Réitíonn sé tascanna agus fadhbanna praiticiúla a bhaineann le méadú slánuimhreacha agus cuireann sé i gcrích iad. Réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le deachúlacha [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí].	Baineann sé úsáid as réimse leathan straitéisí chun fadhbanna suimiúcháin, dealaithe, méadaithe agus roinnte a bhfuil baint ag uimhreacha deachúlacha agus slánuimhreacha leo. Cuireann sé na réitigh ar fhadhbanna/ ar thascanna i gcomparáid agus pléann sé iad.	Réitíonn sé fadhbanna ilchéimeacha a bhfuil baint ag slánuimhreacha agus ag uimhreacha deachúlacha leo trí úsáid a bhaint as uirlisí agus straitéisí [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí]. Baineann sé úsáid as meastacháin nuair a bhíonn fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí le slánuimhreacha, le huimhreacha deachúlacha agus le céatadáin á réiteach aige, chun cabhrú réasúntacht an réitigh a mheas.	Réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le céatadáin a shloinntear chuig ionad deachúlach amháin (Mar shampla: 10.3%, 12.7%) agus céatadáin shlánuimhriúla níos mó ná 100 [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí]. Baineann sé úsáid as meastacháin nuair a bhíonn fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí le slánuimhreacha, le huimhreacha deachúlacha, le céatadáin agus le codáin á réiteach aige, chun cabhrú réasúntacht an réitigh a mheas.